# Litir Údaraithe ón mBord Bainistíochta/ó Gobharnóirí nó ón mBainisteoir maidir le Cuntais Scoile 2025/2026

Le seoladh chuig an gCuntasóir/Iniúchóir Seachtrach amháin

*(Ní cuid de na Cuntais Bhliantúla an doiciméad seo)*

**Ainm na Scoile: ______________________________Uimhir Rolla: ______________________**

**Seoladh na Scoile: ____________________________________________________________**

**Ainm agus seoladh an Chuntasóra/an Iniúchóra: ___________________________________**

___________________________________________________________________________

A _________________, a chara, (cuir isteach ainm an Chuntasóra/an Iniúchóra)

1. Tugann bord bainistíochta/gobharnóirí nó bainisteoir (cuir isteach ainm na scoile) ___________________________________údarás do (cuir isteach ainm an chuntasóra/an iniúchóra) ___________________________________an fhaisnéis ábhartha atá sna cuntais airgeadais a aistriú chuig an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais mar chuid den phróiseas taiscthe ar líne.

2. Tugann an bord/an bainisteoir údarás don Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais an fhaisnéis ábhartha atá sna cuntais bhliantúla a aistriú chuig:
    a. an Phríomh-Oifig Staidrimh, chun cabhrú leis na hoibleagáidí tuairiscithe bliantúla,
    b. an Rialálaí Carthanas, chun na hoibleagáidí tuairiscithe bliantúla atá leagtha amach in Alt 52 den Acht Carthanas, 2009 a chomhlíonadh,
    c. an Iontaobhaí/an Pátrún, nuair a iarrtar é.

3. Is é an bord/bainisteoir atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais chlárúcháin agus reachtúla na gCoimisinéirí Ioncaim agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil céimeanna iomchuí glactha aige/aici chun cloí leis na ceanglais a bhaineann le ÍMAT, CCI agus féinchuntasaíocht CBL.

4. Is é an bord/bainisteoir atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais chlárúcháin agus reachtúla NAERSA agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil céimeanna iomchuí glactha aige/aici chun cloí le ceanglais a bhaineann le MyFutureFund.

5. Deimhníonn an bord/an bainisteoir go bhfuil an cuntasóir/an t-iniúchóir seachtrach ina bhall de Chomhlacht Forordaithe Cuntasaíochta agus go bhfuil sé faoi Árachas Slánaíochta Gairmiúla.

6. Ba é (cuir isteach an líon) _______ meánlíon na bhfostaithe sa scoil ar íoc an bord/an bainisteoir go díreach iad don bhliain dar críoch an 31ú Lúnasa 2026.

7. Deimhníonn an bord/bainisteoir go n-oibríonn sé de réir a Dhoiciméad/Dhoiciméid Rialachais.

8. Deimhníonn an bord/an bainisteoir go bhfuil sonraí iontaobhaithe na scoile cláraithe i gceart leis an Rialálaí Carthanas agus go bhfuil aon tuarascáil bhliantúil atá dlite don Rialálaí Carthanas faoin 30 Meitheamh 2026 curtha isteach.

9. Deimhníonn an bord/an bainisteoir, nuair is infheidhme, go bhfuil Ioncam agus Caiteachas agus iarmhéid bainc Chumann na dTuismitheoirí, Chomhairle na Mac Léinn agus gach cuntas bainc eile a bhaineann le gníomhaíochtaí scoile san áireamh sna cuntais bhliantúla.

10. Deimhníonn an bord/bainisteoir gur mar seo a leanas a bhí líon na ndaoine a rinne obair ar bhonn deonach don bhord agus don scoil sa bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2026: (m.sh., comhaltaí boird, tuismitheoirí a bhí páirteach i gCumann na dTuismitheoirí, tuismitheoirí a chabhraigh le díolachán cácaí, srl.)

| | |
|---|---|
| Duine ar bith | ☐ |
| 1 - 9 | ☐ |
| 10 - 19 | ☐ |
| 20 - 49 | ☐ |
| 50 - 249 | ☐ |
| 250+ | ☐ |

11. **Dearbhú an Bhoird Bainistíochta/na nGobharnóirí nó an Bhainisteora - Tacaíochtaí Covid**

Deimhníonn an bord/an bainisteoir gur ullmhaíodh réiteach na ndeontas neamhchaite a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 do na scoilbhlianta 2020/2021, 2021/2022 agus 2022/2023 agus nuair is cuí gur cuireadh an méid nár caitheadh ar ais chuig an Roinn. ☐ Tá ☐ Níl ☐ N/B

Thar ceann an bhoird/an bhainisteora ar ___________________ (cuir isteach an dáta)

______________________________ ______________________________________

Cathaoirleach nó Bainisteoir* Comhalta Boird (Iar-bhunscoil) nó Cisteoir (Bunscoil)

.

*I gcás gurb é an pátrún a cheap an bainisteoir, ba cheart go mbeadh an 2ú sínitheoir ainmnithe ag an bpátrún.